# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Dé Céadaoin, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Na Topaicí 1 go 4 |
| Grúpa II | : | Na Topaicí 5 go 7 |
| Grúpa III | : | Na Topaicí 8 go 10 |

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as gach ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá céad marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Agus ní mór duit Decelea san Ataic a dhaingniú; is é an rud is mó é a raibh na hAithnigh scanraithe roimhe riamh." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Cad iad na hargóintí a d'úsáid Alcaibiaidéas chun tabhairt ar na Spartaigh Decelea a dhaingniú? (35)

(b) Cén toradh a bhí ag daingniú Decelea ag na Spartaigh ar shaothar cogaidh na nAithneach? (15)

(ii) Sa bhliain 427 R.Ch. tharla díospóireacht i gComhthionól na hAithne maidir lena raibh i ndán do phobal Mhitiléiné a d'éirigh amach in aghaidh na hAithne.

(a) Cad iad na hargóintí a d'áitigh Cléón ar son pobal fireann Mhitiléiné a chur chun báis? (35)

(b) Déan cur síos ar conas a d'éalaigh pobal Mhitiléiné ón bpionós sin. (15)

(iii) Dar leat, cérbh iad na príomhchúiseanna le teip shluaíocht na hAithne chun na Sicile 415- 413 R.Ch.? (50)

(iv) "An geimhreadh céanna, agus iad ag cloí lena ngnás bliantúil, thug na hAithnigh sochraid phoiblí do na daoine ba thúisce a fuair bás sa chogadh." (Túicídidéas, *Stair Cogadh na Peilipinéise*)

(a) Déan cur síos ar conas a thug na hAithnigh onóir ar an ócáid sin dá muintir a fuair bás sa chogadh. (30)

(b) Conas a rinne Peiricléas iarracht, ina Óráid cháiliúil Adhlactha, sólás a thabhairt do thuismitheoirí na ndaoine a fuair bás? (20)

---

**Topaic 2. Alastar Mór** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Tabhair cuntas ar Chath Iseas, an chéad chath de chuid Alastair in aghaidh Dháirias. (50)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

Hephaestion; Callastainéas; Pairméinión. (25, 25)

(iii) (a) Mínigh cén fáth ar shocraigh Alastar glacadh le héadaí agus le nósanna na bPeirseach? (25)

(b) Conas a chuaigh sé i bhfeidhm ar na Macadónaigh nuair a ghlac Alastar le nósanna agus le héadaí na bPeirseach? (25)

(iv) (a) Déan cur síos ar ar tharla ag léigear dhún na Mallach nuair ba bheag nár cailleadh Alastar ann. (40)

(b) Cad a léiríonn an eachtra seo faoi charachtar Alastair? (10)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus inar bhuaigh Iúil Caesar ar Phoimpéas. (30)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair Poimpéas bás san Éigipt go luath tar éis Chath Pharsalus. (20)

(ii) "B'iontach an cumas a bhí ann cion a chuid fear a fháil agus an chuid ab fhearr a bhaint astu." (Plútarc, *Beatha Iúil Caesar*)

Cén fhianaise a thugann Plútarc ar an gcumas seo a bhí i gCaesar? (50)

(iii) Déanann Cicearó cur síos i litir chuig a chara Atticus ar phósadh a dhearthár Quintus agus Pomponia, deirfiúr Atticus.

(a) Cad atá le rá ag Cicearó ina litir faoi phósadh Quintus agus Pomponia? (40)

(b) Cé air a gcuireann Cicearó an locht as na deacrachtaí sa phósadh? (10)

(iv) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar dhánta grá Chatallus do Lesbia, cad a d'fhoghlaim tú faoina gcumann grá? (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Mharcas Antaine ó bhás Iúil Caesar in 44 R.Ch. amach. (40)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair Antaine agus Cléópatra bás go luath i ndiaidh Chath Aictiam. (10)

(ii) Déan cur síos ar an ról a d'imir Livia i réimeas Ágastas, a fear céile, agus i réimeas Thibir, a mac. (50)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí ba chúis le teacht i gcumhacht do Shéánas. (35)

(b) Déan cur síos ar conas a bhí Tibir ina chúis le turnamh agus le bás Shéánas. (15)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Agrippa; Cléópatra; Drusus (mac le Tibir) (25,25)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Cén ról a imríonn an Cór sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas? (25)

(b) An dtagann athrú ar dhearcadh an Chóir i leith Éideapús le linn an dráma? Bíodh tagairt don dráma agat mar thacaíocht le do fhreagra. (25)

(ii) (a) Mínigh conas a bhaineann Méidé díoltas amach ar Iasón sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (35)

(b) An chreideann tú go bhfuil an ceart ag Méidé ina díoltas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) (a) Déan cur síos ar conas a rinneadh Rí na Téibhe d'Éideapús. (30)

(b) An dóigh leat gur rí maith é Éideapús? Bíodh tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (20)

(iv) "Maidir le do chuid achasán suarach in aghaidh mo phósadh leis an teaghlach ríoga, taispeánfaidh mé duit gur chríonna an gníomh agam é, nach raibh mé faoi thionchar an phaisin, agus gur le do leas féin agus le leas mo chuid leanaí a bhí mé." (Eoiripidéas, *Méidé*)

(a) Cén argóint a dhéanann Iasón agus é ag iarraidh a phósadh le Glauce a chosaint? (35)

(b) Cad a léiríonn an chosaint a rinne Iasón ar a phósadh le Glauce faoina charachtar? (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos gearr ar conas a chuidigh Alcinous, Rí Phaeacia, le hOdaiséas filleadh ar Ithaca. (25)

(b) Conas a chuir an dia Poiséadón pionós ar mhuintir Phaeacia as cuidiú le hOdaiséas? (25)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Odaiséas agus a chuid fear ag bualadh le Lucht Ite na Loiteoige. (20)

(b) Déan cur síos ar Odaiséas ag bualadh leis na Síréanaí. (20)

(c) Cad a léiríonn na heachtraí seo maidir le carachtar Odaiséas? (10)

(iii) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, mínigh cén fáth ar thug Iúnó fuath d'Aeinéas agus do na Traígh. (20)

(b) Scríobh síos eachtra amháin as an *Aeinéid* Leabhair 1 – 6 inar léirigh Iúnó a fuath d'Aeinéas agus dá chuid fear. (30)

(iv) I Leabhar 6 den *Aeinéid*, mínigh conas a úsáideann Veirgil cuairt Aeinéas ar an Domhan Thíos chun an Róimh agus an tImpire Ágastas a ghlóiriú. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "I ngeall ar an nganntanas ban ba chosúil go bhfeicfeadh glún amháin deireadh lena maorgacht (na Róimhe)." (Livias, *Na Mná Saibíneacha*)

(a) De réir Livias in *Na Mná Saibíneacha*, conas a fuair Romalas agus na Rómhánaigh mná céile dóibh féin? (40)

(b) Cén dearcadh a bhí ag Livias i leith iompraíocht seo na luath-Rómhánach? (10)

(ii) "Is ionad uafás agus arrachtach é an Domhan Thíos de réir Veirgil chomh maith le bheith ina áitreabh do na Mairbh."

(a) Déan cur síos ar na huafáis agus ar na harrachtaigh a bhuaileann le hAeinéas sa Domhan Thíos. (35)

(b) Cén míniú a thugann an Sibille ar na hanamacha a bheith ag plódú le chéile ar bhruach na habhann? (15)

(iii) (a) Déan achoimre ar an scéal *An Leadránaí* le Horáit. (35)

(b) Ar thaitin an scéal seo leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Ainmnigh an dán le Proipeirtias atá ar do chúrsa is mó a thaitníonn leat. (5)

(b) Déan achoimre ar ábhar an dáin atá roghnaithe agat. (25)

(c) Mínigh cén fáth a dtaitníonn an dán an oiread sin leat. (20)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar an struchtúr atá léirithe i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Ainmnigh an struchtúr agus a shuíomh. (10)

(b) Bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta agus déan cur síos ar an struchtúr atá léirithe. (25)

(c) Mínigh conas a dearadh an foirgneamh seo go han-mhaith don chuspóir a bhí aige. (15)

(ii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht atá léirithe i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Sainaithin an dealbhóireacht. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse? (30)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** déithe agus bandéithe ó fhríos an Phartanón.

(a) Mínigh cad is ciall le "fríos". (10)

(b) Déan cur síos ar a bhfuil léirithe i bhfríos iomlán an Phartanón. (10)

(c) Cá raibh an fríos suite sa teampall? (10)

(d) Ainmnigh na fíoracha atá léirithe san fhótagraf. (10)

(e) Ainmnigh an dealbhóir a bhí i gceannas ar dhealbhú fhríos an Phartanón. (10)

(iv) Déan staidéar ar an *kore* a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Sainaithin an dealbhóireacht atá léirithe. (5)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbhóireacht seo? (10)

(c) Conas gur eiseamláir thipiciúil í an dealbh seo den tréimhse sin? (35)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair breac-chuntas i d'fhocail féin ar Fháthscéal na hUaimhe le Platón. (30)

(b) Cad iad na ceachtanna atá Platón ag iarraidh a mhúineadh le Fáthscéal na hUaimhe? (20)

(ii) Sa *Phoblacht* le Platón, deir Adeimantus go bhfuil na fealsúna "gan mhaith nó contúirteach." Mínigh conas a chosnaíonn Sócraitéas na fealsúna. (50)

(iii) (a) Dar le Platón, cad é an cineál idéalach oideachais? (20)

(b) De réir Shócraitéas, cén cineál scéalta ba chóir do leanaí a fhoghlaim? (30)

(iv) (a) Cad iad na rialacha maidir le Maoin Phríobháideach a leagann Platón síos dá chuid rialtóirí? (20)

(b) Cén cineál tithíochta agus bia a cheadaíonn sé dá chuid rialtóirí? (15)

(c) An dóigh leat go bhfuil rialacha Phlatón maidir le Maoin Phríobháideach praiticiúil? Mínigh do fhreagra. (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** mionsamhail de theach tionóntáin i sean-Ostia.

(a) Cad iad na hábhair a úsáideadh i dtógáil an fhoirgnimh seo? (10)

(b) Tabhair cur síos ar an taobh seachtrach den fhoirgneamh. (20)

(c) Cén difríocht a bhí idir bloic árasáin Rómhánacha agus bloic árasáin an lae inniu? (15)

(d) Cén úsáid a baineadh as an mbunurlár? (5)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbh de phaitríoch Rómhánach.

(a) Cén fáth a bhfuil bustaí ar iompar ag an bhfear seo? (15)

(b) Déan trácht ar an mbealach a bhfuil an fear gléasta. (10)

(c) Conas is eiseamláir thipiciúil an dealbh seo de phortráidí Rómhánacha i gcoitinne? (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** rilíf ó Áirse Thíteas sa Róimh.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa dealbhóireacht. (20)

(b) Mínigh cad is ciall le rilíf ard agus rilíf íseal. (15)

(c) Déan trácht ar shuíomh an Impire Títeas sa rilíf seo. (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an phéintéireacht ar a dtugtar Gairdín Livia.

(a) Cá mbeadh péintéireachtaí dá leithéid le fáil i dteach Rómhánach? (10)

(b) Déan cur síos ar an bpéintéireacht seo. (25)

(c) Déan trácht ar úsáid na ndathanna difriúla sa phéintéireacht seo. (15)

---

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN